



**Tuiscint & forbairt foclóra**

Haischlib; seanchailleach; seoid; Gheall tusa ...



**Feasacht teanga**

Ainm briathartha + forainm



**Scileanna cumarsáide**

Ag plé agus ag úsáid theanga na meán cumarsáide; ag scríobh postálacha éagsúla

## A: TUISCINT AGUS FORBAIRT FOCLÓRA

### 1. Líon na bearnaí

Féach siar ar an mír físe, más gá, chun na bearnaí a líonadh leis an bhfocal cuí.

ceann/gceann ar strae/amú	uaire/huaire dó/as	dtabharfá/dtabharfadh liom/orm
------------------------------	-----------------------	-----------------------------------

**Réiltín:** Stop, tá do chraiceannsa iontach. An bhfaca tú na *bags* faoi mo chuid súilese? #seanchailleach. Ó ná bac leis an \_\_\_\_\_ sin, *seriously*. Breathnaigh ar Chloé Zani ar Insta. An *primer* a bhíonn aici siúd. #seoidédochraiceann. Tabharfaidh mé liom anois é agus beidh tú in ann triail a bhaint \_\_\_\_\_.

**Laoise:** Ah, gabh mo leithscéal anois ach caithfidh Réiltín imeacht mar tá sí #busy. Gheall tusa do d’athair aréir go \_\_\_\_\_ cúnamh domsa inniu sa mB&B, nár gheall?

**Réiltín:** Yeah bhuel, d’imigh an mhaidin \_\_\_\_\_.

**Laoise:** D’imigh, muise. Bheadh an staighre sin *húvaráilte* cúig \_\_\_\_\_ ó shin agat. Tá an oiread ama caite agat do phlástráil féin, ag cur péint agus *powder* ort.

**Réiltín:** An bhfuil a fhios agat céard é féin, ach ní ghabhfadh roinnt *bronzer* \_\_\_\_\_ ortsa. B’fhéidir go mbainfeadh sé cuma an zombaí díot!

### 2. Na leaganacha Gaeilge

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Cén Ghaeilge atá ar na focail Bhéarla thíos a bhí sa mhír?

<i>bags</i> (súile)	<i>seriously</i>	<i>primer</i>	<i>busy</i>	<i>powder</i>	<i>bronzer</i>

## B: FEASACHT TEANGA

### Ainm briathartha + forainm

3. Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar na frásaí thíos. Cén fáth a bhfuil an frása ar chlé mícheart agus an frása ar dheis ceart? Féach ar an bhfíseán a théann leis an gceacht seo, más ga.

ag plástráil tú féin ✗

do do phlástráil féin ✓

4. Scríobhaigí amach na frásaí thíos. Tá an chéad cheann déanta daoibh.

a) ag cóiriú + í féin	á cóiriú féin
b) ag aimsiú + iad	
c) ag crá + mé	
d) ag moladh + é	
e) ag gríosú + muid	
f) ag maslú + tú	

5. Aistrígí na habairtí thíos go Gaeilge:

a) The children were hitting me.	
b) She was teaching him.	
c) I'm carrying them.	
d) She's doing it.	
e) He's wearing them.	
f) They are correcting her.	

## C: CUMARSÁID

Bí ag obair i ngrúpa agus tugaigí faoi na tascanna ar fad le chéile.


### 1. Giorrúcháin

Déanaigí liosta de na frásaí beaga is coitianta a úsáideann sibh i nGaeilge agus scríobhaigí na giorrúcháin a a théann leo. Féachaigí arís ar na cinn a bhí san fhíseán ar dtús:

Na cinn a bhí san fhíseán	Cúpla ceann eile
GRMA = go raibh maith agat GRMMA = go raibh míle maith agat ldt = le do thoil cgl = ceart go leor ds = deireadh seachtaine	sgf = slán go fóill

### 2. Emojis/straioseoga

Déanaigí liosta de na straoiseoga is coitianta a úsáideann sibh. Cad a chuireann siad in iúl? Déanaigí cur síos ar ocht gcinn ar a laghad.

	Tá mé sna tríthí gáire anseo.

### 3. #haischlibeanna srl.

- Samhlaígí go bhfuil sibh ag caint le duine nach raibh ar an idirlíon riamh. Conas a dhéanfadh sibh cur síos ar #haischlib?
- Conas atá *TikTok*, *Instagram* agus *X* difriúil le chéile?
- Féachaigí ar na naisc seo thíos. Cad a cheapann sibh fúthu?

#### Haischlibeanna

#creidimionat  
#trasnanadtonnta  
#seoíanghaeltacht

#### TikTok

<https://www.tiktok.com/@thegaeilgegal>  
<https://www.tiktok.com/@laurajpakenham>  
[https://www.tiktok.com/@maire\\_na\\_greine](https://www.tiktok.com/@maire_na_greine)

#### Instagram

<https://www.instagram.com/muinteoirmeg/?hl=en>  
<https://www.instagram.com/clisare/?hl=en>  
<https://www.instagram.com/howtogael/?hl=en>

### 4. Bhur gcuid postálacha féin

Déan na gníomhaíochtaí thíos leat féin ar dtús agus ansin cuir do chuid oibre i gcomparáid leis an méid a bhí ag na daoine eile sa rang.

#### a) Scéal a insint trí phictiúr ar *Instagram*

Roghnaigh 3-5 phictiúr a chuirfidh tú ar d'fhotha ar *Instagram* chun scéal a insint. Tá cead agat cúpla abairt a úsáid chun an scéal a insint, ach ba cheart gur leor na pictiúir chun an scéal a léiriú, den chuid is mó.

#### b) Teideal ar phictiúr ar *Instagram*

Postáil íomhá/pictiúr ar *Instagram* agus scríobh 3 theideal éagsúla ar an íomhá sin. Ba cheart go mbeadh na teidil an-éagsúil óna chéile – greannmhar, dáiríre, inspioráideach. Cé acu teideal is mó a thaitníonn leis na daoine eile sa rang?

**c) Stoirm tvuíteanna faoi thopaic**

Roghnaigh ábhar a bhfuil tú páiseanta faoi agus cruthaigh stoirm tvuíteanna – is é sin, sraith tvuíteanna faoin topaic sin. Níor cheart dul thar 240 carachtar in aon tvúit amháin. Cum cúpla ceist sna tvuíteanna chun daoine a spreagadh chun cainte agus bíodh cúpla haischlib eile a bhaineann le hábhar mar chuid de na tvuíteanna freisin.

# FREAGRAÍ

## A: TUISCINT & FORBAIRT FOCLÓRA

### 6. Líon na bearnaí

**Réiltín:** Stop, tá do chraiceannsa iontach. An bhfaca tú na *bags* faoi mo chuid súilese? #seanchailleach. Ó ná bac leis an **gceann** sin, *seriously*. Breathnaigh ar Chloé Zani ar Insta. An *primer* a bhíonn aici siúd. #seoidédochraiceann. Tabharfaidh mé liom anois é agus beidh tú in ann triail a bhaint **as**.

**Laoise:** Ah, gabh mo leithscéal anois ach caithfidh Réiltín imeacht mar tá sí #busy. Gheall tusa do d'athair aréir go **dtabharfá** cúnamh domsa inniu sa mB&B, nár gheall?

**Réiltín:** Yeah bhuel, d'imigh an mhaidin **orm**.

**Laoise:** D'imigh, muise. Bheadh an staighre sin *húvaráilte* cúig **huaire** ó shin agat. Tá an oiread ama caite agat do phlástráil féin, ag cur péint agus *powder* ort.

**Réiltín:** An bhfuil a fhios agat céard é féin, ach ní ghabhfadh roinnt *bronzer* **amú** ortsa. B'fhéidir go mbainfeadh sé cuma an zombaí díot!

### 7. Na leaganacha Gaeilge

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Cén Ghaeilge atá ar na focail Bhéarla thíos a bhí sa mhír?

<i>bags (súile)</i>	<i>seriously</i>	<i>primer</i>	<i>busy</i>	<i>powder</i>	<i>bronzer</i>
sprochaillí	i ndáiríre	prímeálach	gnóthach	púdar	donnaitheoir

## B: FEASACHT TEANGA

### Ainm briathartha + forainm

8. Ní féidir forainm a chur díreach tar éis ainm briathartha i gcásanna mar seo sa Ghaeilge: *ag plástráil tú féin* ✗. Is gá aidiacht shealbhach a chur leis an ainm briathartha: *do do phlástráil féin*. Chur aidiacht shealbhach a úsáid mar chuspóir ainm bhriathartha, cuirtear an réamhfocal **do** roimh an aidiacht shealbhach sa chéad agus sa dara pearsa, uatha agus iolra. Is **á** a chuirtear roimh an tríú pearsa, uatha agus iolra. Baineann na rialacha thuas leis an gCaighdeán Oifigiúil. Is minic, áfach, a chloistear leaganacha eile sa chaint, mar shampla: *dá cháineadh* (seachas *á cháineadh*), *dá moladh* (seachas *á moladh*). Fághtar an **do** ar lár go minic sa chaint freisin, mar shampla *An bhfuil tú (do) do mholadh féin arís?*

9. Féach:

a) ag cóiriú + í féin	á cóiriú féin
b) ag aimsiú + iad	á n-aimsiú
c) ag crá + mé	do mo chrá
d) ag moladh + é	á mholadh
e) ag gríosú + muid	dár gríosú
f) ag maslú + tú	do do mhaslú

10. Féach:

g) The children were hitting me.	Bhí na páistí do mo bhualadh.
h) She was teaching him.	Bhí sí á mhúineadh.
i) I'm carrying them.	Tá mé á n-iompar.
j) She's doing it.	Tá sí á dhéanamh.
k) He's wearing them.	Tá sé á gcaitheamh.
l) They are correcting her.	Tá siad á ceartú.

## C: CUMARSÁID

Tá go leor gníomhaíochtaí le déanamh sa chuid seo. Moltar ceist 1, 2 agus 3 a dhéanamh go cinnte. Mura bhfuil go leor ama fágtha ansin, is leor tasc amháin faoi cheist 4 a dhéanamh agus na cinn eile a thabhairt mar obair bhaile.

### 1. Acrainmneacha


Mar shampla:

#### Cúpla ceann eile







sgf = slán go fóill  
tbo = tá brón orm  
das = dála an scéil  
goa = gáire os ard  
tgb = tóg go bog é

### 2. Emojis/Straoiseoga

Seo na cinn san fhíseán:



Cúpla sampla eile:

	Is maith sin. / Tá mé sásta.
	Tá náire orm. / Úps.
	Tá mé breá sásta liom féin. / Tá mé ar laethanta saoire.
	Ní chreidim é! / Níl na mothúcháin ná na focail agam mé féin a chur in iúl.
	Níl mé ach ag magadh!
	Tá fearg orm.



### 3. #haischlibeanna srl.

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna agus na naisc seo ar fad a phlé le cheile. Bíodh plé agatsa leis na foghlaimeoirí ansin faoi na cinn a thaitin leo.

### 4. Bhur gcuid postálacha féin

Mura mbeidh go leor ama agat gach ceann de na gníomhaíochtaí seo a dhéanamh, is féidir iarraidh ar na foghlaimeoirí ceann amháin a dhéanamh sa rang agus na cinn eile a dhéanamh mar obair bhaile. Is féidir iarraidh ar bheirteanna éagsúla a bheith ag obair ar thascanna áirithe freisin, mar shampla:

Beirt A: Scéal a insint trí phictiúr ar *Instagram*

Beirt B: Teideal ar phictiúr ar *Instagram*

Beirt C: Stoirm tuíteanna faoi thopaic

Iarr ar na foghlaimeoirí an obair a dhéanann siad a chur i láthair an ranga. Bíodh plé agat leis an rang iomlán ansin faoi na dúshláin a bhain leis na téacsanna a scríobh.

## AN SCRIPT

### Intreoir

Fáilte chuig SnasTV Ros na Rún, Sraith 2, Ceacht 8. #busy – Teanga na meán sóisialta.

Ar góstáladh thú ar na mallaibh nó ar gás-soilsíodh thú fiú? Nó, b'fhéidir gur scaoil duine a chairdeas leat? *Have you been ghosted or gaslit recently, or maybe you've been defriended?* Nó, b'fhéidir gur duine aosta tú agus níl na téarmaí sin ar eolas agat ar chor ar bith! Ach, cad is aosta ann? Nach bhfuil muid ar fad cúig déag inár gcroí istigh? Bíodh sin mar atá, athraíonn teangacha beo agus na nósanna chun iad a úsáid ó ghlúin go glúin. *There are new words and ways to communicate among younger generations that are sometimes at odds with how the older generation expresses itself.*

Baineann cuid mhór den teanga nua seo leis na meáin shóisialta. Sa cheacht seo, déanfaidh muid plé ar theanga na meán sóisialta agus ar an bhearna theanga sin a bhíonn ann uaireanta idir óg agus aosta. Féach ar an mhír seo anois ina bhfuil Réiltín agus Laoise ag speáráil le chéile arís.

### An mhír físe ó Ros na Rún

- Réiltín: *Stop, tá do chraiceannsa iontach. An bhfaca tú na bags faoi mo chuid súilese? #seanchailleach. Ó ná bac leis an gceann sin, seriously. Breathnaigh ar Chloé Zani ar Instagram. An primer a bhíonn aici siúd. #seoidéochraiceann. Tabharfaidh mé liom anois é agus beidh tú in ann triail a bhaint as.*
- Laoise: *Ah, gabh mo leithscéal anois ach caithfidh Réiltín imeacht mar tá sí #busy. Gheall tusa do d'athair aréir go dtabharfá cúnamh domsa inniu sa B&B, nár gheall?*
- Réiltín: *Yeah bhuel, d'imigh an mhaidin orm.*
- Laoise: *D'imigh, muise. Bheadh an staighre sin húváráilte cúig huaire ó shin agat. Tá an oiread ama caite agat do phlástráil féin, ag cur péint agus powder ort.*
- Réiltín: *Bhfuil a fhios agat céard é féin, ach ní ghabhfadh roinnt bronzer amú ortsa. B'fhéidir go mbainfeadh sé cuma an zombaí díot!*

### Ar thuig tú?

- Tá do chraiceannsa iontach – *your skin's great*. Téigh go dtí Ceacht 10 i Sraith 1 chun tuilleadh a fhoghlaim faoin iarmhír threise sin -sa/-se.
- Sprochaillí a bheith faoi do chuid súl atá i gceist ag Réiltín nuair a deir sí go bhfuil *bags* faoina súile.
- Haischlib an Ghaeilge ar *hashtag*.
- Seanchailleach is ea *old witch*.
- Seoid é do chraiceann – *your skin's a jewel*.
- Gheall tusa – *you promised*.
- D'imigh an mhaidin orm – *the morning flew by*. Bhain muid ar fad úsáid as an leithscéal sin is dócha, uair amháin inár saol!
- Ag húváráil – ag folúsghlanadh.
- Ag plástráil – ag clúdach.

## Spotsolas ar an gcumarsáid

Tá na meáin shóisialta i ndiaidh dul i bhfeidhm go mór ar an Ghaeilge agus ar an dóigh a ndéanann muid cumarsáid le daoine go ginearálta. Caithfidh muid spotsolas anois ar chuid de na bealaí ar tháinig athrú ar an Ghaeilge a labhraítear anois mar gheall ar na meáin shóisialta.

### 1. Giorrúcháin

Baintear úsáid as giorrúcháin i mBéarla agus i nGaeilge nach raibh ann 20 bliain ó shin. An bhfuil na cinn choitianta seo ar eolas agat?

GRMA = go raibh maith agat

GRMMA = go raibh míle maith agat

ldt = le do thoil

cgl = ceart go leor

ds = deireadh seachtaine

Cuidíonn na giorrúcháin seo linn rudaí a chur in iúl i bhfad níos tapúla.

### 2. Spás teoranta

Tá an spás teoranta chun teachtaireacht a scríobh ar na meáin shóisialta agus, dá bhrí sin, is gá an méid atá le rá a chur trasna i mbeagán focal. Is dúshlán é tuairimí a chur in iúl go hachomair, agus bíonn sé de nós ag daoine focail áirithe a fhágáil ar lár san abairt, mar shampla, le spás a shábháil. Cad iad na focail a fhágtar ar lár sna postálacha seo:



Ceapaim féin gurb é seo an maothóir is fearr atá ann faoi láthair. Cheannaigh mé an ola seo do mo mhalai inniu. Tá sí ar fheabhas.

### 3. Straoiseoga

Is minic a úsáidtear *emojis* nó straoiseoga i dteachtaireachtaí pearsanta in áit focal, le cur síos a dhéanamh ar an rud a mhothaíonn muid, mar shampla:

Tá mé sna trithe gáire anseo.  
Ní leáfhadh an t-im i do bhéal.  
Grá mór. / Póigíní.  
Ná habair tada. / Ní déarfaidh mé faic.  
Tá an-bhrón orm é sin a chloisteáil. / Mo léan.

### 4. Téarmaí nua

Tá cnap mór focal nua againn a d'eascair ó chultúr na meán sóisialta, a chuireann le saibhreas na teanga. An bhfuil na cinn seo agaibh:

Góstáil, gás-soilsigh, trolláil, mearscaip, croí a thabhairt do rud, féinín, haischlib, méim, tionchaire, leantóir, vlag.

Agus go leor eile nach bhfuil ar eolas agamsa, mar tá sé deacair cos a choinneáil le cruthú agus le scaipeadh na dtéarmaí nua seo ar fad!

Tá na meáin shóisialta tar éis an bealach a n-úsáideann muid teangacha a athrú as éadan, rud a fhágann go bhfuil an Ghaeilge níos bríomhaire, níos idirghníomhaí agus níos forleithne i measc an phobail.

### Ar thug tú faoi deara?

Ar thug tú faoi deara an dóigh a ndúirt Laoise *plastering yourself* le Réiltín, 'do phlástráil féin'. Sin 'ag plástráil' móide 'tú'. Sa Ghaeilge, ní féidir forainm (tú) a chur díreach tar éis ainm briathartha (ag plástráil). Is gá an aidiacht shealbhach a chur leis (do phlástráil). Féach:

Ag gléasadh + mé féin =	do mo ghléasadh féin ( <i>dressing myself</i> )
Ag triomú + tú féin =	do do thriomú féin ( <i>drying yourself</i> )
Ag bearradh + é féin =	á bhearradh féin ( <i>shaving himself</i> )
Ag ceartú + í féin =	á ceartú féin ( <i>correcting herself</i> )
Ag gléasadh + muid féin =	dár ngléasadh féin ( <i>dressing ourselves</i> )
Ag ní + sibh féin =	do bhur ní féin ( <i>washing yourselves</i> )
Ag bearradh + iad féin	á mbearradh féin ( <i>shaving themselves</i> )

Féach ar na cinn seo anois:

Ag lorg + tú =	do do lorg
Ag iarraidh + é =	á iarraidh
Ag caitheamh + é sin =	á chaitheamh sin
Ag athrú + é =	á athrú
Ag céasadh + mé =	do mo chéasadh
Ag bodhrú + tú =	do do bhodhrú
Ag cáineadh + í =	á cáineadh

Anois, # tuilleadh eolais! Tá níos mó eolais faoi theanga na meán sóisialta le fáil ar an bhileog a théann leis an fhíseán seo ar [snas.ie](http://snas.ie).

